Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

An Bhruiséil, 14 Nollaig 2022

CM 5842/22

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2022/0369(APP)**
**2021/0433(CNS)**
**2022/0295(NLE)**
**2022/0414(NLE)**

**PROCED**
**BUDGET**
**FISC**
**ECOFIN**

## TEACHTAIREACHT

**AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN**

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | soledad.bernabe-casado@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32 2 281 42 70 |
| Ábhar: | 1. Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027<br>– *Glacadh*<br>– *Maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 a ghabhann le CFAE maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas*<br>2. Treoir ón gComhairle maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta agus grúpaí náisiúnta mórscála<br>– *Glacadh*<br>– *An ráiteas ón gComhairle a fhormheas*<br>3. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir leis na bearta chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta san Ungáir<br>– *Glacadh*<br>4. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ungáir<br>– *Glacadh*<br>An nós imeachta i scríbhinn a thionscnamh |

Ag eascairt as an gcinneadh a rinne Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2), an 12 Nollaig 2022, an nós imeachta a scríbhinn a úsáid, iarrtar oraibh a chur in iúl an aontaíonn sibh leis an méid a leanas:

1. (a) glacadh an **Rialacháin ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027** mar a leagtar amach in 14471/1/22 REV 1 + REV 2 (de) é;

   ***Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.***

   (b) maolú, ar bhonn an dara fomhír d'Airteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin, i bhfianaise na práinne atá leis an ábhar mar a leagtar amach i mbrollach an ghnímh reachtaigh.

   ***Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.***

2. (a) an **Treoir ón gComhairle maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta fiontar agus do ghrúpaí náisiúnta mórscála san Aontas**, mar a leagtar amach in 8778/22 í, a ghlacadh;

   ***Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.***

   (b) an **ráiteas tionlacain ón gComhairle** atá in 15349/22 + COR 1, atá le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle, a fhormheas.

   ***Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.***

3. an **Cinneadh Cur chun feidhme ón gComhairle maidir le buiséad an Aontais a chosaint i gcoinne sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta san Ungáir**, mar a leagtar amach in 14247/22 é, a ghlacadh;

***Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.***

4. an **Cinneadh Cur chun feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ungáir**, mar a leagtar amach in 15447/22 + ADD 1 é, a ghlacadh.

***Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.***

Is tráth a fhreagraítear na ceisteanna ba cheart aon ráitis aontaobhacha a dhéanamh, cé is moite de na ráitis aontaobhacha a rinneadh cheana ag Coreper.

Ní mór na freagraí a bheith faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle **faoi 17.00 (am na Bruiséile), Dé Céadaoin, 14 Nollaig 2022 ar a dhéanaí**, agus ba cheart iad a sheoladh le ríomhphost chuig ecofin2a@consilium.europa.eu, ecofin2b.taxpolicy@consilium.europa.eu agus ecomp1a.ecpol@consilium.europa.eu.